Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 37

# Coimirce Shóisialach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh (le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2017, athraíodh ainm na Roinne ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí).

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus as deontais áirithe atá teoranta i dtaobh airgead tirim.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €38.95 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

### Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta

I rith 2015, d'údaraigh an Roinn Airgeadais an Roinn a bheith faofa maidir le híocaíochtaí chnapshuim phinsinéirí Chriostal Phort Láirge faoi Alt 48B d'Acht nabPinsean, 1990. Cuireadh tús le híocaíochtaí chnapshuim phinsinéirí Chriostal Phort Láirge in 2015.Cuireadh tús le híocaíochtaí leanúnacha pinsin Chriostal Phort Láirge i bhFeabhra 2016. Íocann an Roinn na suimeanna atá dlite, agus cistí á n-úsáid a rinneadh a réamhíoc Lár-Chiste an Státchiste. Déantar na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna cuntais Airgeadais.

I rith 2016, lean an Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire íoctha don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi Alt 5 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2015 chun na deontais eile chaomhnaithe uisce a íoc thar a ceann. Déantar na suimeanna a íocadh a thuairisciú sa chuntas leithreasa do Vóta 34: an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Athrú ar bheartas cuntasaíochta Ró-íocaíochtaí a aisghabháil***

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar seo a leanas:

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar feitheamh agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam a dhéanann laghdú comhfhreagrach ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 anpríomhfhaighteoir fáltais ró-íocaíochta, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), faoi mar is cuí.
- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam den na bliana reatha cuntasaíochta.
- Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

Is ionann an beartas maidir le caitheamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála (féach thuas) agus athrú beartais. I mblianta roimhe seo, chuirtí suimeanna meaitseáilte aisghabhála neamh-mheaitseáilte arbh ann dóibh ag deireadh na bliana a chur i gcuntas go sealadach mar ioncam na bliana reatha agus dhéantaí an fiachas a laghdú agus é a chionroinnt idir an CÁS agus Vóta ar bhonn an mheastacháin ab fhearr. Rinneadh na suimeanna a aisiompú sa bhliain ina dhiaidh sin agus níor cuireadh i gcuntas go buan iad ach nuair a rinneadh iad a mheaitseáil le fiachas custaiméara.

Is é an tionchar is mó a bhíonn ag an athrú ar an mbeartas cuntasaíochta suimiú le hiarmhéid tosaigh an fhiachais an 1 Eanáir 2016 de shuim €973,771 (€768,811 i gcuntais an Vóta, €204,960 i gcuntais an CÁS) i dtaca le haisghabhálacha neamh-mheaitseáilte a cuireadh i gcuntas in aghaidh iarmhéid an fhiachais. Nochtar seo i Nóta 6.1 de chuntais an Vóta (Nóta 4 i gcuntais an CÁS).

Anuas air sin, cuirtear suim €1.9 milliún i gcuntas mar iarmhéid creidmheasa ar chlár comhardaithe an Vóta ag deireadh 2016 i dtaca le haisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ag an dáta sin.

***Íocaíochtaí a Aithint***

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna siúd sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar Lá Saoire Bainc, d'fhéadfadh gur gá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead go luath ag custaiméirí in Oifigí Poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as angCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte AD a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Sócmhainní caipitil a rialú***

Bunaíodh grúpa oibre sócmhainní seasta in 2013 chun dul i ngleic le buarthaí maidir le réiteach chlár sócmhainní seasta agus sócmhainní seasta faoi fhorbairt de chuid na Roinne leis an gcuntas leithreasa. Dhírigh obair an ghrúpa seo i dtosach ar na cláir shócmhainní a réiteach leis an gcuntas leithreasa agus tá sé ag díriú anois ar na cláir fhisiciúla. I rith 2016, tugadh faoi fhardail ag 34 láthair na Roinne, agus rinneadh fardal leictreonach de shócmhainní TF na Roinne a réiteach go hiomlán siar a fhad le cláir shócmhainne seasta na Roinne. Is é luach iomlán na bhfardal fisiciúil agus leictreonach a réitíodh do na cláir shócmhainne €8.6 milliún (bunchostas). Is é luach na sócmhainní a díscríobhadh mar thoradh ar na fardail €18.9 milliún (luach scríofa anuas: €252,480). Tá fardail bhreise fhisiciúla á bpleanáil. Rinneadh córas barrachódaithe leictreonaigh, atá le húsáid chun sócmhainní a chlibeáil, a thabhairt isteach agus cuireadh tús le sócmhainní a chlibeáil in 2016.

***Réitigh fiachais***

Tugadh Córas Cuntasaíochta Fiachais agus Fáltas (CCFF) nua isteach sa Roinn i Samhain 2014. Ceadaíonn an córas fiachas a chur i dtaifead agus a phostáil go huathoibríoch a ghnóthaítear in oifigí áitiúla na Roinne, ó na cuntais bhainc dá cuid a n-íoctar an fiachas leo agus trí asbhaint a dhéanamh ó na híocaíochtaí a dhéanann an Roinn le custaiméirí.

Ba é iarmhéid féichiúnaí an CCFF an 31 Nollaig 2016 €482 milliún, ar bhain €393 milliún de le Vóta 37 agus €89 milliún leis an CÁS.

Anuas air sin, in 2016, aisghabhadh €81.9 milliún tríd an CCFF i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime, ar bhain €67.9 milliún de le Vóta agus €14 milliún leis an CÁS.

In 2015, nochtadh an méid seo a leanas sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (RRIA):

- difríocht €515,000 nár míníodh idir an t-iarmhéid féichiúnaí deiridh arna ríomh trí thagairt a dhéanamh do thuarascálacha ón CCFF ar na hidirbhearta sa chuntas sa bhliain, agus do liostú na bhféichiúnaithe ag deireadh na bliana
- difríocht €1.1 milliún nár míníodh idir na haisghabhálacha a liostaítear ar an CCFF (€79.8 milliún) agus iad siúd atá curtha i dtaifeadt ar chóras cuntasaíochta na Roinne (€78.7 milliún).

D'fhonn dul i ngleic leis na difríochtaí seo, chuaigh an Roinn i mbun na ngníomhartha seo a leanas in 2016 agus 2017:

- Chuir anailís fhóiréinseach a rinneadh ar an difríocht €515,000 trí leas a bhaint as teicnící iniúchta ríomhchuidithe ar chumas na Roinne chun réiteach iomlán agus cuimsitheach a sholáthar don iniúchadh agus míniú a sholáthar don difríocht. Tugadh faoina mhacasamhail de chleachtadh rathúil don bhliain 2016.
- Anailís fhóiréinseach a chuimsigh cleachtadh mionsonraithe meaitseála sonraí i dtaobh na n-aisghabhálacha go léir a cuireadh i dtaifead sa CCFF agus cuireadh na suimeanna in airde ar chóras cuntasaíochta na Roinne don bhliain 2015 agus 2016. B'éard a bhí i gceist leis seo ná 1.9 milliún uimhir agus luach UPSP a mheaitseáil don dá bhliain ar an dá chóras. Ba é luach na n-aisghabhálacha in 2016 €81.9 milliún agus €79.8 milliún in 2015. Bhain an cleachtadh ráta meaitseála 99.3% amach agus tá difríochtaí neamhréitithe €21,649 don bhliain 2016 agus €268,410 don bhliain 2015 ag an réiteach faoi láthair, i gcomparáid leis an €1.1 milliún a tuairiscíodh i dtosach in 2015. Tá na difríochtaí inaitheanta ar leibhéal UPSP agus tá siad á n-imscrúdú faoi láthair.

Is é an chúis phríomha atá leis na torthaí feabhsaithe don bhliain 2016 i gcomparáid le torthaí bunúla 2015 an cuar foghlama agus cur i bhfeidhm an tsaineolais fhóiréinsigh a theastaíonn chun córas nua a réiteach le cóid shonracha ghaolmhara de chuid an CCFF le córas reatha cuntasaíochta i gcéad bhliain an aistrithe.

Aithníonn an Roinn go bhfuil breis oibre le déanamh chun difríochtaí a bhaineann leis an CCFF gan mhíniú a réiteach i dtaca le hiarmhéideanna bainc agus airgead ar láimh.

Maidir le hiarmhéideanna bainc, tá difríochtaí neamhréititheann arb ionann iad, ar an iomlán, agus €390,565 idir ráitis bhainc na Roinne agus a leabhair chuntais. Tugann an obair faoinar tugadh go dtí seo le fios gurb ann do míphóstálacha cúitimh idir cuntais bhainc agus cuntais fionraí neamh-mheaitseáilte. Tá an Roinn ag oibriú chun na difríochtaí iarmhéid bainc go léir a réiteach don bhliain 2015 agus 2016.

Faoi mar a luaitear in CÁS 2015, tá difríocht neamhréitithe á tábhairt anonn, chomh maith, i tuarascálacha oifig aisghabhála airgid thirim na Roinne arb ionann iad agus €57,777 ag deireadh na Nollag 2016. Cuirtear airgead ar láimh €88,755 sna 144 tuarascáil seo i gcuntas i gcomparáid leis an gcóras cuntasaíochta, ina gcuirtear airgead ar láimh €146,532 i gcuntas. B'fhéidir gur míphostáil de láimh ar leibhéal oifige áitiúla is cúis le an difríocht agus tá sé á imscrúdú mar chuid de ghníomh ceartaitheach leanúnach an CCFF.

Measann an Roinn go mbeidh roinnt athruithe ar phróiseas córais agus gnó ag teastáil chun cosc a chur ar atarlú na saincheisteanna a mhionsonraítear thuas.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Soláthar poiblí***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Thug an Roinn le fios gurb ann do dheich gconradh ar luach €2,209,917 ar an iomlán, mar gheall nach raibh siad faoi réir próiseas soláthair iomaíoch. Cuireadh sonraí faoi na conarthaí seo san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 na Roinne leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Seo a leanas sonraí faoi na conarthaí*:*

- Rinneadh dhá chonradh ar luach iomlán €496,120 a shíneadh/a thar-rolladh d'fhonn seirbhís faoi ráthaíocht ag soláthraithe a chinntiú a raibh na cáilíochtaí uathúla bainte amach acu chun an tseirbhís a sholáthar.

  Coimeádann an Roinn na conarthaí seo faoi athbhreithniú agus fiosraíonn sí na roghanna is is cuí i dtaobh a riachtanais leanúnacha ghnó a chomhlíonadh.

- Bhí conradh soláthair amháin ar a raibh luach €110,000 in ainm is conradh reatha a mhéadú chun tacaíocht bhreise straitéiseach theicniúil saolré um fhorbairt bogearraí a a sholáthar i gcomhthéacs éilimh ghnó atá ag dul i méid.

  Tá an soláthraí cáilithe go huathúil chun an tseirbhís a sholáthar.

- Theastaigh conradh soláthair amháin ar luach €330,061 ón soláthraí bunúil chun uasghráduithe crua-earraí a sholáthar, mar gheall go mba ghá na seirbhísí reatha a bhaint dá chéile agus an fheidhmiúlacht go léir a atógáil ar ardán nua dá n-athrófaí an teicneolaíocht.

  Tá an soláthraí cáilithe go huathúilchun an tseirbhís a sholáthar. (Airteagal 32(3)(b) de Threoir 2014/24/AE). D'fhéadfadh neamh-chomhoiriúnacht nó deacrachtaí teicniúla díréireacha san oibriú agus sa chothabháil a bheith mar thoradh ar an soláthraí a athrú.

- Cuireadh síneadh sé mhí le dhá chonradh soláthair ar a raibh luach €420,000 le haghaidh tacaíocht chriticiúil iarratais le leanúnachas seirbhíse a chinntiú don am a theastaíonn chun tabhairt faoi phróiseas tairisceana oscailte agus é a thabhairt chun críche. Tugadh soláthar chun críche sa dá chás ó shin i leith agus bronnadh conarthaí.

- Rinneadh ceithre sholáthar eile ar luach €853,736 fad a bhíothas ag feitheamh le tabhairt chun críche tairiscintí, creataí agus conarthaí láraithe san an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSG).

  Tá na tairiscintí tugtha chun críche ó shin i leith i dtaca le dhá earra a liostaítear ar luach iomlán €247,736. I gcás amháin, tá an próiseas tairisceana ar bun laistigh de chreat-chomhaontú OSG agus tá mioniomaíocht le tosú i ráithe 3 2017. I gcás eile, níl súil le creat-chomhaontú an OSG go dtí ráithe 3 2017, ar a luaithe, agus tá machnamh á dhéanamh ag an Roinn ar iomaíocht oscailte ar leith a reáchtáil.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Cuirtear sa Chuntas Leithreasa gach ceann de shócmhainní agus de dhliteanais Vóta 37 i dtaifead, mar aon le nótaí mínitheacha agus iarmhéideanna a cheadaíonn measúnú ar riosca airgeadais an 31 Nollaig 2016.  Níl aon rioscaí suntasacha airgeadais ann maidir le sócmhainní nó dliteanais theagmhasacha nach nochtar sa chuntas.

***Ró-íocaíochtaí tuarastail***

In 2016 agus 2017, rinne an Roinn suim €222,800 de thuarastal a ró-íocadh le beirt fhostaithe a aisghabháil. Chuir na fostaithe deireadh lena bhfostaíocht in 2010 agus 2013, faoi seach, ach leanadh le hiad a íoc go hearráideach go dtí ráithe a ceathair in 2016. Tá athbhreithniú agus treisiú déanta ag an Roinn ó shin ar a rialuithe inmheánacha chun cosc a chur ar na ró-íocaíochtaí siúd a dhéanamh arís.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

26 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Coimirce Shóisialach. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Rialtacht an chaiteachais***

Baineann Caibidil 16 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 le híocaíochtaí leasa teidlíochta sáraithe atá san áireamh i gcuntas 2016 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ábhartha.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha solathair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla áisc ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i dtaca le conarthaí a d'fheidhmigh i 2016.

***Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh***

Déanann mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 tagairt do nithe eile a bhaineann le Vóta 37. Baineann Caibidil 17 le bainistiú ró-íocaíochtaí coimirce shóisialach, agus Caibidil 18 le hathbhreithnithe na Roinne ar scéimeanna leasa shóisialaigh.

**Seamus MacCártaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

# Vóta 37 Coimirce Shóisialach
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| **Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Riarachán | | | | | |
| | *Tosaigh* | 519,102 | | | |
| | *Forlíontach* | (22,000) | 497,102 | 486,368 | 490,268 |
| Pinsin | | | | | |
| | *Tosaigh* | 955,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 26,000 | 981,800 | 982,138 | 972,206 |
| Aois oibre - tacaíochtaí ioncaim | | | | | |
| | *Tosaigh* | 3,184,210 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,110 | 3,192,320 | 3,190,329 | 3,670,246 |
| Obair aois – tacaíochtaí fostaíochta | | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,076,120 | | | |
| | *Forlíontach* | (66,570) | 1,009,550 | 996,179 | 1,066,525 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,185,030 | | | |
| | *Forlíontach* | 145,160 | 2,330,190 | 2,330,712 | 2,153,132 |
| Leanaí | | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,570,630 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,470 | 2,580,100 | 2,576,545 | 2,444,454 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | *Tosaigh* | 645,496 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,830 | 654,326 | 653,052 | 669,848 |
| Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | | 1 | — | 119,074 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Tosaigh* | 11,136,389 | | | |
| | *Forlíontach* | 109,000 | | | |
| | | | **11,245,389** | **11,215,323** | **11,585,753** |
| *Lúide* | | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | | | **263,960** | **272,843** | **270,552** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Tosaigh* | 10,872,429 | | | |
| | *Forlíontach* | 109,000 | | | |
| | | | **10,981,429** | **10,942,480** | **11,315,201** |

**Barrachas le tabhairt suas**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le tabhairt suas | 38,949,110 | 52,061,869 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i. Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Tosaigh* | 296,372 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,100 | 297,472 | 295,975 | 303,335 |
| ii. Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | *Tosaigh* | 4,975 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | 4,475 | 4,304 | 4,283 |
| iii. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | *Tosaigh* | 12,210 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,840) | 7,370 | 6,373 | 5,624 |
| iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | *Tosaigh* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,600) | 16,400 | 15,901 | 17,843 |
| v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | *Tosaigh* | 41,785 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,400 | 44,185 | 40,591 | 35,469 |
| vi. Costais áitreabh na hoifige | | | | | |
| | *Tosaigh* | 20,520 | | | |
| | *Forlíontach* | (760) | 19,760 | 19,839 | 41,703 |
| vii. Seirbhísí comhairleoireachta | | | | | |
| | *Tosaigh* | 750 | | | |
| | *Forlíontach* | (400) | 350 | 199 | 493 |
| viii. Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta | | | | | |
| | *Tosaigh* | 110,020 | | | |
| | *Forlíontach* | (14,000) | 96,020 | 93,480 | 72,725 |
| ix. Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | | | | | |
| | *Tosaigh* | 12,470 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,400) | 11,070 | 9,706 | 8,793 |
| | | | **497,102** | **486,368** | **490,268** |

# Nótaí leis an gCuntasLeithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 10,728,955 | 11,095,485 |
| Pá | | 295,975 | 303,335 |
| Neamhphá | | 190,393 | 186,933 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,215,323** | **11,585,753** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **272,843** | **270,552** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,942,480** | **11,315,201** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (19,888) | | |
| Dímheas | 11,484 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 253 | (8,151) | 6,459 |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (10,703) | (8,872) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 6,503 | | |
| Laghdú ar stoc | 179 | | |
| | | 6,682 | (19,345) |
| **Caiteachas díreach** | | **10,930,308** | **11,293,443** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 51,502 | 49,815 |
| Measchíosanna | | 13,472 | 10,927 |
| **Glanchostas cláir** | | **10,995,282** | **11,354,185** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 357 | 557 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 37,153 | 35,074 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 13,918 | 13,910 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 45 | 245 |
| An Lárchiste – Pinsin Aire | m | 29 | 29 |
| | | 51,502 | 49,815 |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó gur costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 82,032 | 60,710 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 18,228 | 19,799 |
| | | **100,260** | **80,509** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 474 | 653 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.11 | 67,832 | 69,367 |
| Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh[1] | | — | 239,788 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 205,123 | 157,524 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **273,429** | **467,332** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 150,196 | 343,314 |
| Costais fhabhraithe | 2.11 | 59,770 | 54,802 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 40,775 | 23,769 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.8 | 14,152 | 30,229 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **264,893** | **452,114** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 8,536 | 15,218 |
| **Glansócmhainní** | | **108,796** | **95,727** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú Stáit** | 2.1 | **108,796** | **95,727** |

[1] Léiríonn seo réamhíocaíochtaí ó Vóta 37 le cuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (an CÁS) nár caitheadh faoi dheireadh na bliana.

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2016 €000** | **2015 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 95,727 | 72,785 |
| Coigeartú | 2.3 | | 897 | 1,184 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Cuntas | 10,981,429 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (38,949) | | |
| Glanvóta | | | 10,942,480 | 11,315,201 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 51,502 | 49,815 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 13,472 | 10,927 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (10,995,282) | (11,354,185) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **108,796** | **95,727** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscáin agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2016 | 311,425 | 36,337 | 347,762 |
| Breisiúcháin | 32,811 | 248 | 33,059 |
| Diúscairtí[1] | (71,858) | (3,392) | (75,250) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2016 | 272,378 | 33,193 | 305,571 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2016 | 256,741 | 30,311 | 287,052 |
| Dímheas don bhliain | 10,280 | 1,204 | 11,484 |
| Dímheas ar dhiúscairtí[1] | (71,857) | (3,140) | (74,997) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2016 | 195,164 | 28,375 | 223,539 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2016** | **77,214** | **4,818** | **82,032** |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2015** | **54,684** | **6,026** | **60,710** |

[1] Thug an Roinn faoi phróiseas gníomhach chun sócmhainní a cuireadh san áireamh i gclár sócmhainne seasta na Roinne a shainaithint, a bhí go hiomlán dímheasta agus nach bhfabhróidh aon tairbhe gheilleagrach amach anseo dóibh don Roinn. Sainaithníodh 30 sócmhainn ar a raibh comhluach €56.38 milliún faoin gcatagóir se agus aistarraingíodh iad. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh in 2017. Cuid de mheasúnú leanúnach na Roinne iad na diúscairtí eile ar shócmhainní a chuimsítear sa chlár.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

an 31 Nollaig

| **Feidhmchláir ríomhaire intí** | **2016** €000 | **2015** €000 |
|---|---|---|
| Suimeanna a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir 2016 | 19,799 | 20,163 |
| Coigeartú[1] | 897 | 1,184 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain[2] | 10,703 | 8,872 |
| Arna aistriú chuig clár na sócmhainní | (13,171) | (10,420) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig 2016 | 18,228 | 19,799 |

[1] Baineann coigeartú le híocaíochtaí airgid thirim i mblianta roimhe seo chun feidhmchláir ríomhaire a fhorbairt nár cuireadh san áireamh roimhe seo.

[2] Ní áirítear bogearraí forbartha intí le híocaíochtaí airgid atá forbartha go hiomlán i rith na bliana. Cuirtear na híocaíochtaí siúd san áireamh i mbreisiúcháin sócmhainn chaipitil.

**2.4 An Banc agus Airgead Tirim**

| an 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna An Post a réamhíocadh | 78,809 | 99,003 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta (rótharraingt) | (365,039) | (448,557) |
| Banc agus airgead tirim tráchtála | 136,034 | 6,240 |
| | (150,196) | (343,314) |

Mar an gníomhaire íocaíochta scéime, réamhchistíear An Post trí Vóta 37 agus an CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2016, b’ionann ancomh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus an CÁS agus €126,357,506. Ba é €196,105,089 ancomh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2015.

**2.5 Stoic**

| an 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 434 | 615 |
| TomhaltáinTF | 40 | 38 |
| | 474 | 653 |

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| an 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le An Post ar chaiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 552 | 309 |
| Réamhíocaíochtaí le Pobal | 6,699 | 8,122 |
| Réamhíocaíochtaí scéime[1] | 12,116 | — |
| Fionraí fiachais eile | 740 | 2,245 |
| Dlite ón gCÁS maidir le | | |
| - Scéimeanna CÁS | 19,821 | 134,981 |
| - Scéimeanna Vóta | 164,188 | 10,860 |
| | 205,123 | 157,524 |

[1]An 31 Nollaig 2016, rinneadh réamhíocaíochtaí €12,115,936 le haghaidh scéimeanna Vóta arbh fhiú iad a ndearnadh €10,247,002 díobh trí An Post agus a ndearnadh €1,868,934 díobh trí ríomhaistriú airgid.

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

| an 31 Nollaig | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 5,038 | 3,718 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 779 | 827 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 3,608 | 2,300 |
| Cáin Bhreisluacha Idirstáit | 65 | 82 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,442 | 605 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil[1] | 51 | 23 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 19 | 6 |
| | 12,002 | 7,561 |
| Asbhaintí párolla | 3,988 | 3,590 |
| Dlite don CÁS maidir le scéimeanna Vóta | 18,611 | 10,985 |
| Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochta | 1,885 | — |
| Earraí eile fionraí sochair | 4,289 | 1,633 |
| | 40,775 | 23,769 |

[1]Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ordú chun asbhaintí a dhéanamh ó roinnt íocaíochtaí scéime maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as Cáin Mhaoine Áitiúil.
Déanann an Roinn asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastail foirne maidir leis an gcáin. Cuireadh tús leis na hasbhaintí seo in 2013 agus íoctar iad leis na Coimisinéirí Ioncaim sa mhí i ndiaidh na hasbhainte.

**2.8 An Glanchistiú Státchiste dlite**

| an 31 Nollaig | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 38,949 | 52,062 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (24,797) | (21,833) |
| An Glanchistiú Státchiste dlite | 14,152 | 30,229 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 205,123 | 397,312 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (150,196) | (343,314) |
| Dlite don Stát | (12,002) | (7,561) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (28,773) | (16,208) |
| | (190,971) | (367,083) |
| | 14,152 | 30,229 |

**2.9 Ceangaltais**

| an 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 26,027 | 29,616 |
| Tionscadail chaipitil | 11,781 | 23,038 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 37,808 | 52,654 |

**b) Ceangaltais Mhóra Chaipitil**

| Tionscadal | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2015 | Caiteachas in 2016 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá eis sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2016 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cárta Seirbhísí Poiblí | 21,544 | 5,446 | 4,218 | 31,208 | 30,815 |
| Gníomhachtú agus Bainistíocht Cáis | 5,656 | 4,364 | 1,422 | 11,442 | 11,442 |

**2.10 Dliteanais Aibithe**

| an 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán de dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 147 | 195 |

**2.11 Anailís ar Fhabhruithe agus ar Réamhíocaíochtaí**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **(a) Costais fhabhraithe** | **€000** | **€000** |
| Riarachán | 1,417 | 2,178 |
| Costais oifige | 4,006 | 3,850 |
| Comhairleoireacht | 94 | 264 |
| Cláir | 54,210 | 48,504 |
| Ilghnéitheach | 43 | 6 |
| | 59,770 | 54,802 |
| **(b) Réamhíocaíochtaí** | | |
| Riarachán | 107 | 558 |
| Costais oifige | 1,585 | 2,779 |
| Comhairleoireacht | 29 | 24 |
| Cláir | 66,105 | 66,000 |
| Ilghnéitheach | 6 | 6 |
| | 67,832 | 69,367 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

**A.Scéimeanna Árachais Shóisialaigh, Seirbhísí, Riarachán agus Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh**

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Tosaigh* | 296,372 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,100 | 297,472 | 295,975 | 303,335 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Tosaigh* | 222,730 | | | |
| | *Forlíontach* | (23,100) | 199,630 | 190,393 | 186,933 |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Tosaigh* | 955,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 26,000 | 981,800 | 982,138 | 972,206 |
| **Aois Oibre - Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | 2,452,900 | 2,452,332 | 2,742,505 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | | | |
| | *Tosaigh* | 500,050 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,210 | 502,260 | 500,699 | 670,564 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Tosaigh* | 15,800 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,250) | 14,550 | 14,557 | 15,865 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | 1,700 | 1,736 | 2,132 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | | | | |
| | *Tosaigh* | 79,660 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,190 | 88,850 | 89,018 | 91,729 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | |
| | *Tosaigh* | 85,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,100) | 78,900 | 78,831 | 88,487 |
| A.10 | Liúntas Réamhscoir | | 8,500 | 8,607 | 16,268 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim | | | | |
| | *Tosaigh* | 40,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,060 | 44,660 | 44,549 | 42,696 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | |
| | *Tosaigh* | 376,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (21,500) | 355,000 | 356,341 | 364,991 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | 44,330 | 42,393 | 44,105 |
| A.14 | Tús – Scéim Socrúchán Oibre Pobail | | | | |
| | *Tosaigh* | 121,080 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,620 | 122,700 | 118,604 | 124,576 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | 20,410 | 20,150 | 21,698 |
| A.16 | Clár Seirbhísí Pobail | | 45,190 | 43,644 | 42,730 |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.17 | Liúntas um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 130,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,530) | 124,370 | 124,383 | 129,037 |
| A.18 | An Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 51,980 | | | |
| | | *Forlíontach* | (14,900) | 37,080 | 37,793 | 63,489 |
| A.19 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 121,080 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,590) | 116,490 | 114,829 | 143,965 |
| A.20 | Gateway | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 33,380 | | | |
| | | *Forlíontach* | (11,860) | 21,520 | 21,183 | 29,543 |
| A.21 | Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 31,920 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,200) | 28,720 | 28,454 | 14,422 |
| A.22 | JobsPlus | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 27,240 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,340) | 23,900 | 23,679 | 22,630 |
| A.23 | An Scéim Fóirdheontas Pá | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 21,560 | | | |
| | | *Forlíontach* | 370 | 21,930 | 19,403 | 16,392 |
| A.24 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 50,550 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,640) | 47,910 | 45,323 | 48,947 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | | |
| A.25 | Liúntas Míchumais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 1,288,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 70,310 | 1,358,310 | 1,357,989 | 1,281,589 |
| A.26 | Pinsean na nDall | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 14,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | (350) | 13,700 | 13,660 | 14,379 |
| A.27 | Liúntas Cúramóra | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 607,320 | | | |
| | | *Forlíontach* | 46,910 | 654,230 | 653,667 | 611,139 |
| A.28 | Liúntas Cúram Baile | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 118,060 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,420 | 132,480 | 133,075 | 120,882 |
| A.29 | Deontas Cúram Faoisimh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 157,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,870 | 171,470 | 172,321 | 125,143 |

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Leanaí** | | | | | | |
| A.30 | Sochar Linbh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 2,074,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,960 | 2,078,010 | 2,078,111 | 1,990,299 |
| A.31 | Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 410,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,490 | 413,790 | 415,437 | 367,872 |
| A.32 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 38,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,310 | 40,110 | 39,810 | 41,342 |
| A.33 | Scéimeanna Béilí Scoile | | | 42,000 | 36,886 | 38,777 |
| A.34 | Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 5,480 | | | |
| | | *Forlíontach* | 710 | 6,190 | 6,301 | 6,164 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | |
| A.35 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 266,750 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,150 | 275,900 | 275,294 | 311,059 |
| A.36 | Forlíonadh Ús Morgáiste | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 7,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (350) | 6,650 | 6,558 | 11,922 |
| A.37 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 87,549 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,679) | 81,870 | 83,915 | 74,932 |
| A.38 | Saorthaisteal | | | 80,000 | 77,112 | 75,244 |
| A.39 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 143,495 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,250 | 152,745 | 154,701 | 143,797 |
| A.40 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | 50,000 | 49,178 | 46,000 |
| A.41 | Oifig an Ombudsman do Phinsin | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 1,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | (431) | 619 | 533 | 877 |
| A.42 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 9,652 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,110) | 6,542 | 5,761 | 6,017 |
| **Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| A.43 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | | 1 | — | 119,074 |
| **Iomlán** | | | | **11,245,389** | **11,215,323** | **11,585,753** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas €78.9 milliún ní ba mhó ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón meastachán bunúil de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 25% i gcás fotheidil riaracháin agus 5% i gcás gach fotheidil eile.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| **Riarachán** | | |
| Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha (A.2 iii) | 5,837 | Ba é an meastachán tosaigh €12.2 milliún agus ba é an toradh €6.4 milliún nó €5.8 milliún ní b'ísle.<br><br>Cuimsíodh sa mheastachán soláthar do theagmhas €3.9 milliún nár theastaigh. Anuas air sin, baineadh coigiltí €1.9 milliún amach ar chostais éagsúla theagmhasacha eile, fógraíocht, oiliúint foirne, seomra a fhruiliú agus cúiteamh agus táillí dlí.<br><br>Tá an toradh €6.4 milliún 13% (€997,000) níos lú ná an leithdháileadh deiridh. Áirítear leis an gcaiteachas faoin bhfotheideal seo costais dlí agus ba ghá a chinntiú go ndearnadh soláthar leordhóthanach d'aon chaiteachas nach raibh coinne leis. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |
| Seirbhísí Comhairleachta (A.2.vii) | 551 | Ba é an meastachán tosaigh €750,000 agus ba é an toradh €199,000 nó €551,000 ní b'ísle.<br><br>Tháinig laghdú ar an meastachán ar na cúiseanna a leanas<br><br>(i) rinneadh athmheasúnú ar na riachtanais le haghaidh seirbhís chomhairleoireachta sheachtrach i rith 2016<br>(ii) cuireadh roinnt tionscadal siar<br>(iii) níor lean tionscadail eile ar aghaidh, faoi mar a rinneadh a phróifíliú i dtosach báire.<br><br>B'ionann an toradh deiridh €199,000 agus 43% (€151,000) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. B'éard ba mhó ba chúis leis seo ná nach bhfuarthas roinnt sonrasc lena n-íoc go tráthúil in 2016. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| **Aois Oibre - Tacaíochtaí Ioncaim** | | |
| Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) (A.6) | 1,243 | Ba é an meastachán tosaigh €15.8 milliún, agus ba é an toradh €14.6 milliún nó €1.2 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (1,570) 120 duine ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunúil (1,690). B'ionann an choigilt agus €1.1 milliún.<br>(ii) Bhí nameánluachanna íocaíochta (€175.66) -€0.78 ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunúil (€176.44). B'ionann an choigilt agus -€0.07 milliún.<br>(iii) Tosca eile (aisghabhálacha ró-íocaíochta) – -€0.044 milliún ní b'ísle i gcomparáid leis an meastachán tosaigh €0.013 milliún agus d'eascair coigilt €0.031 milliún as seo.<br><br>Tugadh suim of €1.25 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh ach €7,000 (0.05%) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta. |
| Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach (A.8) | (9,358) | Ba é an meastachán tosaigh €79.7 milliún, agus ba é an toradh €89 milliún, nó €9.4 milliún ní b'airde.<br><br>Bhí an toradh ní b'airde ar na cúiseanna seo a leanas:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (15,220) 320 duine ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (14,900). Chosain seo €1.5 milliún sa bhreis.<br>(ii) Bhí nameánluachanna íocaíochta (€190.07) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€187.83). Chosain seo €1.8 milliún sa bhreis (ar bhain €0.55 milliún de le bónas na Nollag, nár cuireadh san áireamh sa meastachán tosaigh).<br>(iii) B'ionann aistrithe iarbhír caiteachais chuig scéimeanna eile (nuair a rinneadh an cinneadh deiridh faoi theidlíocht do scéime) agus -€59.9 milliún i gcomparáid le -€66 milliún, faoi mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Chosain seo €6.1 milliún.<br><br>Soláthraíodh meastachán forlíontach €9.2 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.2 milliún (0.2%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cúnamh Feirme (A.9) | 6,169 | Bhí an meastachán tosaigh €85 milliún, agus ba é an toradh €78.8 milliún nó €6.2 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (8,240) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (9,050) mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe. Rinne seo €7.7 milliún a choigilt.<br>(ii) Bhí seo seach-churtha mar gheall ar nameánluachanna iarbhír íocaíochta (€183.96) a bhí ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€180.96). Chosain seo €1.5 milliún, arbh ionann sin agus an costas a bhí ar bónas na Nollag a íoc.<br><br>Tugadh suim of €6.1 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.1 milliún (0.1%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |
| Aois Oibre Eile – tacaíochtaí ioncaim (A.11) | (3,949) | Ba é an meastachán tosaigh €40.6 milliún, agus ba é an toradh €44.5 milliún, arb ionann sin agus difríocht €3.9 milliún.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh:<br><br>(i) Caiteachas ní b'airde ar Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla, e.g. earraí tí – b'ionann an toradh agus €32.2 milliún, a bhí €1.9 milliún ní b'airde ná an meastachán tosaigh €30.3 milliún. Is amhlaidh atá seo mar gheall ar an méid seo a leanas: (a) bhí na meánluachanna íocaíochta (€339.84) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€307.61) - chosain seo €3.1 milliún, a bhí seach-churtha ag (b) bhí an líon iarbhír íocaíochtaí (94,756) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (98,500) - rinne seo €1.2 milliún a choigilt. Mar gheall ar chineál aonuairena scéime, is deacra na líonta íocaíochta agus na meánluacha íocaíochta amach anseo a thuar, ná mar atá sé i scéimeanna ag a bhfuil minicíocht rialta.<br>(ii) Caiteachas ní b'airde ar Fhorlíontaí Eile, e.g. bia agus taisteal – b'ionann an toradh agus €6.7 milliún, a bhí €0.5 milliún ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€6.2 milliún). Bhí seo go príomha mar gheall go raibh na faighteoirí iarbhír (4,250) 253 ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (3,997).<br>(iii) Caiteachas ní b'airde ar Liúntas Soláthair Dhírigh – b'ionann an toradh agus €3.98 milliún, a bhí tuairim is €0.4 milliún ní b'airde ná an meastachán tosaigh (€3.6 milliún).Bhí seo go príomha mar gheall go raibh na faighteoirí iarbhír (2,416) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (2,227). |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | (iv) Caiteachas ní b'airde ar Chabhair Dhaonnúil – ba é an toradh €1.68 milliún, agus ba é an meastachán tosaigh €0.5 milliún.Is deacair an gá a bhíonn le cabhair dhaonnúil a thuar in aon bhliain ar leith, mar gheall ar chineál athraitheach na haimsire. Bhí éileamh méadaithe in 2016 mar thoradh ar stoirmeacha an gheimhridh go déanach i 2015. Chosain an t-éileamh ní b'airde ná mar a raibh súil leis €1.2 milliún sa bhreis.<br><br>Soláthraíodh meastachán forlíontach €4.1 milliún. Bhí an toradh deiridh €111,000 (0.2%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | |
| Clár Fostaíochta Pobail (A.12) | 20,159 | Ba é an meastachán tosaigh €376.5 milliún agus ba é an toradh €356.3 milliún, arb ionann sin agus difríocht €20.2 milliún.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí nameánlíonta iarbhír rannpháirtithe (22,567) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (23,735) mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe. Rinne seo €14.6 milliún a choigilt.<br>(ii) Bhí naréamhíocaíochtaí iarbhír le/aisghabhálacha ó glanstaid na dtionscadal ag deireadh na bliana (-€0.2 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (+€5.1 milliún). Baineann naréamhíocaíochtaí leis an mbliain 2016, féadfaidh aisghabhálacha baint le 2016 agus le blianta roimhe sin. Rinne seo €5.3 milliún a choigilt.<br>(iii) Rinneadh glanchoigilt €0.3 milliún mar gheall ar réimse tosca seach-churtha.<br><br>Tugadh suim of €21.5 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh €1.3 milliún (0.4%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| Liúntas um Fhilleadh ar Obair (A.17) | 6,517 | Ba é an meastachán tosaigh €130.9 milliún agus ba é an toradh €124.4 milliún, arb ionann sin agus difríocht €6.5 milliún.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí na meánlíonta iarbhír rannpháirtithe (11,750) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (12,430) mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe. Rinne seo €7.1 milliún a choigilt.<br><br>(ii) Bhí na meánluachanna íocaíochta (€203.32) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Chosain seo €1 milliún. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | (iii) Coigeartuithe iarbhír ar scéimeanna eile (€0.12 milliún) i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh sa mheastachán tosaigh (€0.54 milliún). Rinne seo €0.4 milliún a choigilt.<br><br>Tugadh suim of €6.5 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh ach €13,000 (0.01%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| An Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge (A.18) | 14,187 | Ba é an meastachán tosaigh €51.98 milliún, ba é an toradh €37.8 milliún nó €14.2 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí an meánlíon iarbhír faighteoirí (3,120) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (4,273) – dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua ó Dheireadh Fómhair 2016 ar aghaidh, agus bhí laghdú ar an treocht, roimhe seo, mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe. Rinne seo €14.03 milliún a choigilt.<br>(ii) Bhí nameánluachanna iarbhír íocaíochta (€232.87) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€233.86). Rinne seo €0.16 milliún a choigilt.<br><br>Tugadh suim of €14.9 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.7 milliún (1.9%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas (A.19) | 6,251 | Ba é an meastachán tosaigh €121.1 milliún, ba é an toradh €114.8 milliún nó beagnach €6.3 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (15,259) i rith na dtéarmaí acadúla (Ean-Bea, D.F.-Nol) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (16,270), mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe. Rinne seo €6.8 milliún a choigilt.<br>(ii) Bhí seo seach-churtha mar gheall go raibh na meánluachanna iarbhír íocaíochta seachtainiúla (€198.02) bhí ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€197.50). Chosain seo €0.2 milliún.<br>(iii) Bhí an caiteachas iarbhír i gcaitheamh mhíonna na tsamhraidh (Mei-M.F.) €11.7 milliún €0.4 milliún ní ba mhó ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (€11.3 milliún).<br><br>Tugadh suim of €4.6 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh beagnach €1.7 milliún (1.4%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Gateway (A.20) | 12,197 | Ba é an meastachán tosaigh €33.4 milliún, ba é an toradh €21.2 milliún nó €12.2 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí nameánlíonta iarbhír rannpháirtithe (1,600) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (2,400). Rinne seo beagnach €11 milliún a choigilt.<br>(ii) Bhí nameánluachanna iarbhír íocaíochta (€248.27) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (€263.27). Rinne seo €1.2 milliún a choigilt.<br><br>Tugadh suim of €11.9 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.3 milliún (1.6%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |
| Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair (A.21) | 3,466 | Ba é an meastachán tosaigh €31.9 milliún, ba é an toradh €28.5 milliún nó €3.4 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (11,500) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh - tugadh scéim nua isteach i rith 2015 agus eisíodh na chéad íocaíochtaí i mBealtaine 2015 - agus faoi mar a bhíonn i gceist le gach scéim nua, glacann sé roinnt ama chun iad a fhorbairt. Rinne seo €3.3 milliún a choigilt.<br>(ii) Bhí nameánluachanna iarbhír íocaíochta (€47.57) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€47.83). Rinne seo €0.2 milliún a choigilt.<br><br>Tugadh suim of €3.2 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh beagnach €0.3 milliún (0.9%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |
| JobsPlus (A.22) | 3,561 | Ba é an meastachán tosaigh €27.2 milliún, ba é an toradh €23.7 milliún nó beagnach €3.5 milliún ní ba lú.<br><br>Is í an chúis atá leis an tearc-chaitheamh ná go raibh an meánlíon rannpháirtithe (4,003) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (6,000) mar gheall ar mhoilleanna ar imréiteach cánach a fháil ó fhostóirí rannpháirteacha.<br><br>Tugadh suim €3.3 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.2 milliún (0.9%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Scéim Fóirdheontas Pá (A.23) | 2,157 | Ba é an meastachán tosaigh €21.6 milliún, ba é an toradh €19.4 milliún nó beagnach €2.2 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí nameánlíonta iarbhír rannpháirtithe (2,153) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (2,350). B'ionann an choigilt agus €1.7 milliún.<br>(ii) Bhí an meánluach iarbhír íocaíochta in aghaidh an rannpháirtí (€697.42) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€717.48). Mar gheall ar uainiú na sonrasc ó fhostóirí, féadfaidh an mheáníocaíocht mhíosúil bheith an-éagsúil ó mhí go mí. Rinne seo €0.5 milliún a choigilt.<br><br>Soláthraíodh meastachán forlíontach beagnach €0.4 milliún. Bhí an toradh €2.5 milliún (11.5%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Is é an chúis atá leis an athraitheas suntasach seo ná gur cuireadh caiteachas €1.7 milliún i gcuntas go hearráideach nár shainaithin meicníochtaí rialaithe na Roinne go dtí go ndearnadh an meastachán forlíontach a tháirgeadh. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach**<br><br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta (A.24) | 5,227 | Déanann an fotheideal seo soláthar do réimse tacaíochtaí fostaíochta faoi 12 theideal éagsúla. Ba é an meastachán tosaigh €50.6 milliún, ba é an toradh €45.3 milliún nó €5.3 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) B'ionann an Toradh ar an tSeirbhís Infhostaitheachta agus €8.6 milliún, nuair b'ionann an meastachán bunúil agus €9.7 milliún, ónar eascair tearc-chaitheamh €1.1 milliún - is iad na cúiseanna atá leis seo (a) bhí tuarastail iarbhír rannpháirtí (€6.9 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (€7.7 milliún). Rinne seo €0.8 milliún a choigilt agus (b) bhí na costais oibriúcháin iarbhír (€0.2 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (€0.5 milliún). Rinne seo €0.3 milliún a choigilt.<br>(ii) B'ionann an Toradh ar Thacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais agus €0.5 milliún, nuair b'ionann an meastachán tosaigh agus €1.4 milliún. Tá seo mar gheall ar dhul chun cinn ní ba mhoillená mar a raibh súil leis ar an Tionscadal Ghníomhaithe Míchumais i rith 2016, agus ní chaithfear an caiteachas go dtí 2017 anois, dá bharr.<br>(iii) B'ionann an toradh ar an Deontas um Thacaíocht Theicniúil (DTT) agus €3.1 milliún. Rinneadh soláthar sa meastachán tosaigh do €4 milliún, ar coigilt €0.9 milliún é seo. Roimhe seo, gearradh idirghabhálacha idirghabhálaí a riaradh ón tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla (SFÁ) ar an Deontas um Thacaíocht Theicniúil, nuair a bhí cistiúleithdháilte an SFÁ go hiomlán caite. Níl seo ag titim amach a thuilleadh agus tá an caiteachas go léir a bhaineann le hidirghabhálacha idirghabhálaí á ghearradh ar an SFÁ anois. Níor cuireadh seo san áireamh sa mheastachán a rinneadh don SFÁ don bhliain 2016. Chomh maith leis sin, d'eascair éileamh níos lú as an margadh saothair dearfach ar an scéim Deontais um Thacaíocht Theicniúil.<br>(iv) B'ionann an toradh ar an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla agus €18.4 milliún. B'ionann an meastachán tosaigh agus €19.1 milliún.Rinne seo €0.7 milliún a choigilt. Tá trí ghné ann seo: (a) Ba iad costais iarbhír foirne thoradh an SFÁ €14 milliún i gcomparáid le €14.2 milliún, faoi mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. D'eascair coigilt €0.2 milliún as seo. (b) B'ionann costais iarbhír oibriúcháin agus €3.3 milliún, i gcomparáid le €3.9 milliún a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. D'eascair coigilt €0.6 milliún as seo. (c) B'ionann idirghabhálacha iarbhír idirghabhálaí agus €1.14 milliún, i gcomparáid le €1 milliún a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Chosain seo €0.14 milliún. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | (v) B’ionann an Toradh ar Chlubanna Poist agus €5.4 milliún, nuair b’ionann an meastachán tosaigh agus €6 milliúnónar eascair coigilt €0.6 milliún. Tá trí ghné ann seo: (a) Ba é toradh thuarastail na gClubanna Poist €4 milliún, i gcomparáid le meastachán tosaigh €4.2 milliún. Rinne seo €0.2 milliún a choigilt. (b) Ba é toradh thaisteal agus chothabháil na gClubanna Poist €0.3 milliún, i gcomparáid le meastachán tosaigh €1.2 milliún. Rinne seo beagnach €0.9 milliún a choigilt. (c) Ba é toradh chostais oibríochtúlana gClubanna Poist €1.05 milliún, i gcomparáid le meastachán tosaigh €0.57 milliún. D’eascair coigilt €0.48 milliún as seo.<br>(vi) Rinneadh glanchoigilt €1.1 milliún ar na 7 n-earraí eile laistigh den fhotheideal mar gheall ar réimse tosca seach-churtha.<br><br>Tugadh suim €2.6 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh beagnach €2.6 milliún (5.4%) ní b’ísle ná an leithdháileadh deiridh. |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais (A.25) | (69,989) | Bhí an meastachán tosaigh €1,288 milliún, agus ba é an toradh €1,358 milliún nó beagán faoi bhun €70 milliún ní ba mhó.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (121,870) ní b’airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Chosain seo €27.5 milliún.<br>(ii) Bhí nameánluachanna íocaíochta (€207.42) ní b’airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€203.72). Chosain seo €23.3 milliún, ar bhain €21.6 milliún de le bónas na Nollag a íoc, nach ndearnadh aon soláthar dó sa mheastachán tosaigh.<br>(iii) Bhí na haistrithe iarbhír caiteachais chuig an Liúntas Míchumais ó scéimeanna eile (nuair a rinneadh cinneadh deiridh faoi theidlíocht scéime) (€43.2 milliún) ní b’airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€24 milliún). Chosain seo €19.2 milliún. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | Tá meascán de thosca déimeagrafacha mar chúis leis an méadú ar líonta faighteoirí (daonra méadaitheach agus ag dul in aois), tosca socheacnamaíocha (ar nós an ghá atá le córas coimirce sóisialaí chun soláthar a dhéanamh d'éagothroime in ioncaim mhargaidh - réamhaistriú agus cánacha) anuas ar thosca eile (feasacht níos mó, tionchar clár eile etc.).<br><br>Lorgaíodh meastachán forlíontach €70.3 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh agus chun íocaíocht bhónas na Nollag a chistiú. Bhí an toradh beagán de bhreis ar €0.3 milliún (0.02%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |
| Liúntas Cúramóra (A.27) | (46,347) | Ba é an meastachán tosaigh €607.3 milliún, ba é an toradh €653.7 milliún nó €46.3 milliún ní b'airde.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (65,740) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (62,860). Chosain seo €27.7 milliún.<br>(ii) Bhí nameánluachanna íocaíochta (€189.93) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€184.52). Chosain seo €18.5 milliún.<br>(iii) Bhí na haistrithe iarbhír caiteachais a gearradh ar an Liúntas Cúramóra ó scéimeanna eile (nuair a rinneadh cinneadh deiridh faoi theidlíocht scéime) (€3.7 milliún) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€3.5 milliún). Chosain seo €0.2 milliún.<br><br>Cuimsíonn Liúntas Cúramóra soláthar cúraim agus aire lánaimseartha ag cúramóir do dhaoine faoi mhíchumas, is cuma cén aois iad - idir naíonáin agus daoine a bhain an céad amach, faoi réir measúnú leighis. De réir mar a théann an daonra in aois agus go dtéann feasacht ar an scéim i méid, is mó seans go mbainfear líonta arda amach.<br><br>Soláthraíodh meastachán forlíontach €46.9 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh beagnach €0.6 milliún (0.1%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. |
| Liúntas Cúram Baile (A.28) | (15,015) | Bhí an meastachán tosaigh €118.1 milliún, agus ba é an toradh €133.1 milliún nó €15 milliún ní b'airde.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh:<br><br>(i) Bhí anmeánlíon iarbhír faighteoirí (30,440) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (29,275). Chosain seo €4.7 milliún.<br>(ii) Bhí nameánluachanna íocaíochta iarbhír (€364.47) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€336.47). Chosain seo €10.3 milliún, ar bhain €2.2 milliún de le bónas na Nollag a íoc. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | Soláthraíodh meastachán forlíontach €14.4 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh agus chun bónas na Nollag a chistiú. Bhí an toradh €0.6 milliún (0.4%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| Deontas Cúram Faoisimh (A.29) | (14,721) | Ba é an meastachán tosaigh €157.6 milliún, ba é an toradh €172.3 milliún nó €14.7 milliún ní b'airde.<br><br>Ba é an chúis a bhí leis an róchaitheamh ná go raibh an líon iarbhír íocaíochtaí (93,662) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (85,650) - mar gheall ar éileamh ní b'airde ar scéimeanna cáilitheacha, Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra agus Liúntas Cúram Baile ina measc.D'eascair caiteachas breise €14.7 milliún as seo.<br><br>Soláthraíodh meastachán forlíontach €13.9 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh €0.9 milliún (0.5%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| **Leanaí** | | |
| Scéimeanna Béilí Scoile (A.33) | 5,114 | Bhí an meastachán tosaigh €42 milliún, agus ba é an toradh €36.9 milliún nó €5.1 milliún ní b'ísle.<br><br>Tá dhá thráthchuid sa chaiteachas ar Bhéilí Scoile - seo a leanas an staid in 2016:<br><br>(i) Bhí an dara tráthchuid le híoc le scoileanna do bhliain acadúil 2015/2016, b'ionann an caiteachas iarbhír agus €21.9 milliún, ar aon dul leis an meastachán.<br>(i) Bhí an chéad tráthchuid le híoc le scoileanna do bhliain acadúil 2016/2017, b'ionann an caiteachas iarbhír agus €15 milliún, arb ionann sin agus €5.1 milliún ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar do sa mheastachán tosaigh. B'éard ba chúis leis seo ná moilleanna i scoileanna chun iarratais a sheoladh ar aghaidh agus coinníollacha na scéime a shásamh lena chumasú íocaíochtaí a eisiúint roimh dheireadh 2016.<br><br>Bhí an toradh €36.9 milliún, a bhí €5.1 milliún (12.1%) ní b'ísle ná a leithdháileadh. |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí (A.34) | (821) | Ba é an meastachán tosaigh €5.5 milliún, ba é an toradh €6.3 milliún nó €0.8 milliún ní b'airde.<br><br>Theastaigh an meastachán forlíontach mar gheall go raibh caiteachas iarbhír ar Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach) €5.9 milliún ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€5.1 milliún). Bhí seo go príomha mar gheall go raibh anmeánlíon faighteoirí iarbhír (470) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (420).Chosain seo €0.8 milliún. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| | | Soláthraíodh meastachán forlíontach €0.7 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh €0.1 milliún ní b'airde ná an leithdháileadhdeiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | |
| Forlíonadh Ús Morgáiste (A.36) | 442 | Bhí an meastachán tosaigh €7 milliún, agus ba é an toradh €6.6 milliún nó €0.4 milliún ní b'ísle.<br><br>Is í an chúis atá leis an tearc-chaitheamh ná go raibh an meánlíon iarbhír faighteoirí (2,133) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (2,748), ónar eascair coigilt €0.6 milliún.<br><br>Tugadh suim €0.35 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh beagnach €0.09 milliún (1.4%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. |
| Liúntas Breosla (A.39) | (11,206) | Ba é an meastachán tosaigh €143.5 milliún, ba é an toradh €154.7 milliún nó €11.2 milliún ní b'airde.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh:<br><br>(i) Bhí an meánlíon iarbhír faighteoirí (253,814) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (250,087) mar gheall go raibh an t-éileamh ó scéimeanna cáilitheacha ní ba mhó ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Chosain seo €2.1 milliún.<br>(ii) Bhí nameánluachanna iarbhír íocaíochta (€23.44) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€22.07). Chosain seo €9.1 milliún.<br><br>Soláthraíodh meastachán forlíontach €9.25 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh €2 milliún (1.3%) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa leithdháileadh deiridh. Úsáideadh virement coigiltí ar fhotheidil eile sa Vóta chun an barrachas caiteachais a chistiú. |
| Oifig an Ombudsman do Phinsin (A.41) | 517 | Ba é an meastachán tosaigh €1.05 milliún, ba é an toradh €0.53 milliún a bhí €0.52 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Níor thit cónascadh le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais amach in 2016, faoi mar a raibh súil leis sa mheastachán.<br>(ii) Rinneadh coigiltí ar chostais foirne, táillí dlí agus costais riaracháin eile.<br><br>Tugadh suim €0.43 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh beagnach €0.1 milliún (13.9%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí ilghnéitheacha (A.42) | 3,891 | Ba é an meastachán tosaigh €9.65 milliún, ba é an toradh €5.76 milliún nó beagnach €3.9 milliún ní b'ísle.<br><br>Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh:<br><br>(i) Bhí an caiteachas iarbhír ar Chúnamh Bia (€1.1 milliún) ní b'ísle ná an meastachán tosaigh (€4.0 milliún) mar gheall gur ghlac sé ní b'fhaide ná mar a raibh súil leis chun an Clár um Chúnamh Bia a shocrú. B'ionann an choigilt agus €2.9 milliún.<br>(ii) Níor caitheadh aon airgead ar an tionscnamh um Oiliúint a chur ar Chúramóirí, nuair a bhí €0.5 milliún ann sa leithdháileadh. Mar gheall ar shrianta nach raibh smacht ag an Roinn orthu, níorbh fhéidir leanúint ar aghaidh leis an mbeart in 2016. Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an Roinn le Pobal agus an Roinn of Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta d'fhonn an beart a thabhairt isteach in 2017. B'ionann an choigilt agus €0.5 milliún.<br>(iii) B'ionann an toradh ar chaiteachas iarbhír ar íocaíochtaí ex-gratia le mná ó Neachtlanna Magdalene agus Institiúidí eile agus €3.3 milliún, nuair b'ionann an leithdháileadh tosaigh agus €3.6 milliún. B'ionann an choigilt agus €0.35 milliún.<br>(iv) Rinneadh glanchoigilt €0.1 milliún mar gheall ar réimse tosca eile.<br><br>Tugadh suim €3.1 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.8 milliún (11.9%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | |
| 1. | Costais riaracháin a ghnóthú ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 177,280 | 177,280 | 177,600 |
| **Leithreasaí i gcabhairEile** | | | | |
| 2. | Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh | 53,660 | 62,138 | 56,213 |
| 3. | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta | 6,000 | 4,616 | 5,470 |
| 4. | Faighteoirí faoi na forálacha "Dliteanas chun Teaghlach a Choimeád" i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | 320 | 164 | 346 |
| 5. | Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora | 480 | 423 | 454 |
| 6. | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas | 3,630 | 2,677 | — |
| 7. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 10,800 | 10,371 | 15,167 |
| 8. | Fáltais ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES | — | 120 | 430 |
| 9. | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | 7,400 | 7,100 | 7,400 |
| 10. | Fáltais ón mBord Pinsean – aoisliúntas foirne | 810 | 603 | 578 |
| 11. | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | 200 | 829 | 321 |
| 12. | Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh Árachais | 1,920 | 2,012 | 1,999 |
| 13. | Ilghnéitheach | 1,460 | 4,510 | 3,650 |
| — | Fáltais ón gCoimisiún Eorpach don Scéim Ráthaíochta don Aos Óg | — | — | 27 |
| — | Fáltais ón Roinn Sláinte – an Tascfhórsa Drugaí (Clár Fostaíochta)[1] | — | — | (10) |
| — | Fáltais ón gCuntas Díomhaoin | — | — | 907 |
| | **Iomlán** | **263,960** | **272,843** | **270,552** |

[1]Aisíocaíocht cistí neamhchaite leis an Roinn Sláinte.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí Leithreasaí i gCabhair €8.88 milliún ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach, arbh ionann sin agus athraitheas 3.4%. Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach teidil ina raibh an tsuim a réadaíodh éagsúil ón meastachán bunúil de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh | (8,478) | Ba iad na haisghabhálacha iarbhír ró-íocaíochta ar caitheadh leo mar ioncam ó scéimeanna cúnaimh shóisialta a cistíodh ó Vóta 37 €62.1 milliún, i gcomparáid le soláthar beagán faoi bhun €53.7 milliún sa mheastachán tosaigh, ónar eascair go raibh na fáltais €8.4 milliún ní b'airde. B'éard a bhí ann seo ná €37.7 milliún d'fháltais airgid thirim agus €24.4 milliún ó asbhaintí a siarchoinníodh.<br><br>Bhí 2015 ar an gcéad bhliain inar tugadh faoi deara gur lean treocht bhliana iomláine athrú ar an mbealach a chaitear le haisghabhálacha ró-íocaíochta i dtaobh cúrsaí cuntasaíochta de. Roimhe seo, rinneadh ró-íocaíochtaí trí asbhaintí a ghlanluacháil i gcoinne caiteachas scéime, seachas iad a thuairisciú mar ioncam.<br><br>Bhíothas ag súil leis i ráithe 4 in 2015, nuair a bhí meastachán REV 2016 á ullmhú, go bhféadfadh go mbainfí a mhacasamhail de thoradh amach in 2016 nuair a chuirtear toradh dheireadh 2015 a bhí tuartha ag an tráth sin san áireamh. Sa chás go mbeadh toradh 2016 ní ba dhearfaí i ndiaidh gur sholáthair aisghabhálacha airgid thirim €7.9 milliún ní ba mhó ná mar a sholáthair siad in 2015 agus i ndiaidh caitheamh le haisghabhálacha asbhainte ró-íocaíochta mar ioncam nár bhain ach toradh €0.8 milliún ní ba amach ná mar a baineadh amach in 2015. |
| Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta | 1,384 | Úsáidtear an fotheideal seo chun cúnamh sóisialta a aisghabhadh ón gCÁS a chur i dtaifead sa chás go ndéantar difear do choigeartú idirscéime i ndiaidh dhúnadh na bliana airgeadais. Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. In 2016, idir figiúr faoi €200,000 agus €1.1 milliún a bhí na fáltais mhíosúla.<br><br>Bhíothas ag súil leis i ráithe 4 in 2015, nuair a bhí meastachán REV 2016 á ullmhú, go bhféadfadh go mbeadh fáltais ní b'airde don bhliain 2015 agus 2016. Bhí an toradh i bhfad ní b'ísle. |
| Fáltais faoi na forálacha "Dliteanas chun Teaghlach a Choimeád" i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | 156 | Déantar soláthar san fhotheideal seo d'fháltais ó ghaolta faoi dhliteanas le héilitheoirí Sochar Banchéile Thréigthe. D'eascair na fáltais ní b'ísle in 2016 go príomha mar gheall gur aisíocadh €96,000 le roinnt gaolta faoi dhliteanas a lean ar aghaidh le híocaíochtaí a dhéanamh go hearráideach i ndiaidh gur cuireadh deireadh leis an éileamh gaolmhar ar Shochar Banchéile Thréigthe. D'imir bearta athchóirithe na hÍocaíochta Teaghlach Aontuismitheora tionchar ar an treocht anuas sna fáltais seo. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh i dtosach**<br><br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas | 953 | Bhí súil leis, ag tráth an mheastacháin, go mbeadh na fáltais ní b'airde. Is ionann an toradh iarbhír agus fáltas €2.677 milliún a fuarthas i Meán Fómhair 2016 i dtaca leis an tréimhse ó 2012 go 2015. Ba é an tsuim a bhí le híoc €3.234 milliún, óna ndearnadh réamhíocaíocht €0.375 milliún in 2008. Íocfar an t-iarmhéid €0.18 milliún in 2017. |
| Fáltais ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES | (120) | B'ionann na fáltais iarbhír agus €120,000, ní dhearnadh aon soláthar do na fáltais siúd i meastachán REV 2016. |
| Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne | 207 | Bhí toradh 2016 €603,000, a bhí beagán ní b'airde ná toradh €578,000 2015, agus a bhí ní b'ísle ná toradh €779,000 2014. Ba é ba thoradh ar laghdú ar leibhéal 2015 i gcomparáid le 2014 ná gur chríochnaigh 6 bhall foirne a raibh conarthaí 3 bliana acu ag deireadh 2014 agus nach ndearnadh seo a chomhdú go dtí tráth déanach in 2015. Bhí súil leis i ráithe 4 2015 go bhféadfadh go bhfillfeadh ranníocaíochtaí 2016 ar leibhéil 2014 in 2016, ach níor tharla sin.<br><br>Ní dhearnadh comhaltaí de scéim Aoisliúntais an Údaráis Phinsean ach de bheirt de na hearcaithe nua a earcaíodh go déanach in 2015/go luath in 2016, agus rinneadh baill den Scéim Singil de na hearcaithe nua eile, a chiallaigh nár tháinig méadú ní ba shuntasaí ar fháltais a fuair an RCS in 2016. |
| Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | (629) | Tá fáltais ón bhfoinse seo dothuartha. In 2016, bhí aisíocaíochtaí ó ranna agus gníomhaireachtaí eile ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sna meastacháin. |
| Ilghnéitheach | (3,050) | Is deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar le cruinneas gonta. Is é an t-aon fhíor-thairiseach ó bhliain go bliain ná fáltais le haghaidh seiceanna a cealaíodh agus fáltais bheaga ilghnéitheacha arb ionann agus thart ar €1.2 milliún iad.<br><br>Bhí súil le €1.46 milliún i meastachán REV 2016, lenar áiríodh seiceanna cealaithe, fáltais bheaga ilghnéitheacha agus gné bheag d'fháltais nach raibh coinne leo.<br><br>Bhí an meastachán tosaigh nach mór €4.5 milliún, beagán de bhreis ar €3 milliún os cionn an mheastacháin tosaigh.<br><br>Áiríodh le fáltais ilghnéitheacha 2016:<br><br>(i) €1 milliún ó sheiceanna a cealaíodh.<br>(ii) €2.2 milliún ó aisíocaíocht gné fostóra ÁSPC leis an Roinn mar fhostóir.<br>(iii) €0.76 milliún ó Chiste Sóisialta na hEorpa gCiste maidir le PEIL (an Ráthaíocht don Aos Óg).<br>(iv) €0.5 milliún fáltas beag ilghnéitheach. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 6 | 4 |
| Airgead coinsiasa | 25 | 10 |
| Costais finné | 1 | 1 |
| Fíneálacha an Údaráis Phinsean | 12 | 14 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (25) | (23) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | 19 | 6 |

## 5 Líonta agus Pá Fostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag Deireadh na Bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| An Roinn | 6,410 | 6,473 |
| Gníomhaireachtaí | 124 | 123 |
| | **6,534** | **6,596** |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Luach Saothair na Foirne Uile (an Roinn agus gníomhaireachtaí)** | **€000** | **€000** |
| Pá | 295,338 | 304,717 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 1,028 | 1,062 |
| Liúntais eile | 389 | 440 |
| Ragobair | 3,129 | 3,360 |
| ÁSPC Fostóra | 17,903 | 17,689 |
| **Pá iomlán** | **317,787** | **327,268** |

**5.1 An Roinn**

Tagraíonn na socruithe luach saothair a leanas do ghnéithe pá Fhotheidil A.1 (i), A.2 (viii), A.2 (ix), A.24.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 288,147 | 297,144 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 983 | 1,015 |
| Liúntais eile | 389 | 440 |
| Ragobair | 3,129 | 3,360 |
| ÁSPC Fostóra | 17,301 | 17,094 |
| **Pá iomlán** | **309,949** | **319,053** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2016 € | Íocaíocht uasta aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 603 | 15 | 19,585 | 68,593 |
| Liúntais eile | 57 | 16 | 11,804 | 12,258 |
| Ragobair | 2,099 | 22 | 14,204 | 15,796 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 2 | 1 | 12,127 | 10,912 |

**5.2 An Ghníomhaireacht**

Baineann an luach saothair dá dtagraítear thíos leis an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, an tÚdarás Pinsean agus an tOmbudsman do Phinsin.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 7,191 | 7,573 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 45 | 47 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC Fostóra | 602 | 595 |
| **Pá iomlán** | **7,838** | **8,215** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2016 | Íocaíocht uasta aonair 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 13 | 1 | 11,699 | 15,263 |
| Liúntais eile | — | — | — | — |
| Ragobair | — | — | — | — |

**5.3 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €213,170 le ceathrar déag ball foirne faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007.

Athfhostaíodh Príomhoifigeach Míochaine agus Measúnóir Míochaine a bhí ar scor in 2014 ar mhaithe le leas an phobail agus trí iomaíocht oscailte, faoi seach. Lean siad le bheith fostaithe in 2016 agus íocadh tuarastail €56,454 agus €36,285 leo, faoi seach. Cuireadh deireadh le fostaíocht an Phríomhoifigigh Mhíochaine leis an Roinn an 1 Meitheamh 2016. Cuireadh lacáiste pinsin i bhfeidhm.

Fuair ball foirne den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh €11,020 maidir le liúntas stiúrthóra.

**5.4 Ró-Íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €3.2 milliún (1,511 cás) (2015: €3 milliún, 1,361 cás). As seo, tá pleananna gnóthaithe i bhfeidhm ag €1.2 milliún (385 cás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Leasa

B'ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh amhail an 31 Nollaig 2016:

| | 2016 | | 2015 | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 1 Eanáir | | 376,851 | | 346,205 |
| Coigeartú[1] | | 881 | | 8,499 |
| | | 377,732 | | 354,704 |
| Glan-ró-íocaíochtaí a cuireadh i gcuntas | | | | |
| Calaois | 37,557 | | 44,810 | |
| Earráid an éilitheora | 35,258 | | 33,712 | |
| Earráid na Roinne | 1,602 | | 2,138 | |
| Cásanna eastáit | 19,934 | 94,351 | 17,342 | 98,002 |
| | | 472,083 | | 452,706 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh in 2016[2] | (67,958) | | (64,682) | |
| Coigeartú na n-aisghabhálacha[3] | 275 | (67,683) | — | (64,682) |
| Fiachas na bliana roimhe a cealaíodh[4] | | (9,257) | | (9,566) |
| Suimeanna a díscríobhadh mar gheall nach féidir iad a aisghabháil | | (1,840) | | (1,607) |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig | | 393,303 | | 376,851 |

[1] In 2016, d'athraigh an RCS a bheartas cuntasaíochta maidir le haisghabhálacha ró-íocaíochta. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i gcuntas i ndiaidh iad a mheaitseáil le sealbhóir an fhiachais ábhartha, nach gá gurb ionann sin agus dáta an fháltais.

Theastaigh coigeartú foriomlán €880,644 chun an t-iarmhéid ró-íocaíochta a tugadh anonn ó chuntas reachtúil Vóta 37 a ailíniú leis an liosta coigeartaithe d'fhéichiúnaithe meaitseáilte ar an CCFF an 1 Eanáir 2016. B'éard a bhí ann seo ná (a) €768,811 chun an t-athrú cuntasaíochta a éascú (b) €98,882 i dtaca le difríochtaí uainithe dheireadh na bliana agus (c) €12,951 i dtaca le ceartú fiachais 2015.

Chomh maith leis sin, cuireadh coigeartú foriomlán €232,699 i dtaca le difríochtaí a bhain leis an CÁS i bhfeidhm sa nóta maidir le ró-íocaíochtaí chuntas reachtúil an CÁS (Nóta 4) don bhliain 2016.

Theastaigh an coigeartú comparáideach €8.5 milliún don bhliain 2015 chun an t-iarmhéid tosaigh a bhí á thabhairt anonn ó 2014 a ailíniú leis an liosta féichiúnaithe iarbhír an 1 Eanáir 2015. Roimhe seo, ní dhearnadh ró-íocaíochtaí a réiteach i leith liostálachafeichiúnaithe aonair.

[2] Áirítear leis an méid a aisghabhadh:

- Breacadh €62.1 milliún in ioncam maidir le fiachas na bliana roimhe (rinneadh airgead tirim €37.7 milliún agus asbhaintí €24.4 milliún a shiarchoinneáil).
- Breacadh €5.9 milliún in ioncam maidir le fiachas na bliana roimhe (rinneadh airgead tirim €3 milliún agus asbhaintí €2.9 milliún a shiarchoinneáil).

[3] Rinneadh an coigeartú maidir le haisghabhálacha na bliana roimhe sin a cuireadh i dtaifead a cealaíodh in 2016.

[4] Is ionann fiachais chealaithe na bliana roimhe sin agus ró-íocaíochtaí a tugadh chun solais sa bhliain roimhe sin a cealaíodh in 2016.

**6.2 Costais dlí**

| | Líon na gcásanna | Costais dlí na Roinne | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh a bronnadh | 2016 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag fostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta[1] | 12 | 61 | 152 | 182 | 395 | 524 |
| Sárú ar bheartais AD/fostaíochta[2] | 4 | 3 | — | 8 | 11 | 47 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta[3] | 4 | 7 | 35 | — | 42 | 220 |
| Scéimeanna Roinne[4] | 525 | 179 | 46 | 3,290 | 3,515 | 3,876 |
| Eile[5] | 4 | — | 446 | — | 446 | 333 |
| | | 250 | 679 | 3,480 | 4,409 | 5,000 |

[1] Idir €295 agus €107,128 Íocaíochtaí maidir le daoine aonair.

[2] Idir €1,382 agus €6,583 a bhí na híocaíochtaí. Bhain na cásanna le sárú ar shonraí pearsanta, dífhostú éagórach, idirdhealú faoin reachtaíocht um dhínit ag an obair agus sárú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003.

[3] Idir €1,141 agus €22,429 a bhí na híocaíochtaí.

[4] Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia, íocaíocht mar gheall ar chumhacht ceannaigh a chailleadh agus íocaíochtaí costais dlí a mhéid le €95,391 maidir le Liúntas Cúramóra, Liúntas Míchumais, íocaíocht bhunúsach Liúntas Leasa Forlíontach, forlíonadh cíosa, Sochar Linbh, íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Deontas Cúram Faoisimh, Neachtlanna Magdalene agus institiúidí eile, agus Oifig an Ombudsman do Phinsin.

[5] Idir €28 agus €392,989 a bhí na híocaíochtaí. Bhain na cásanna le leasú an chláir bhreithe (dhá chás), UPSP a sholáthar agus cás inárachais.

### 6.3 Cistí an AE

**Clár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna Chiste Sóisialta na hEorpa**

Fuarthas suim €2.68 milliún ón AE maidir leis an tionscadal um Ghníomhachtú Míchumais. Clár trasghníomhaireachta atá sa tionscadal atá comhchistithe ag an Roinn agus Ciste Sóisialta na hEorpa, an Clár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna 2007-2013.

**Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama Chiste Sóisialta na hEorpa**

Fuarthas cistiú €761,201 ón AE do chlár anCSE (Ciste Sóisialta na hEorpa) le haghaidh Infhostaitheachta, Cuimsiú agus Foghlama. Is é anCSE ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean anCSE chun cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a chomhrac, chun na scileanna a thabhairt do lucht saothair agus cuideachtaí na hEorpa chun tabhairt faoi dhúshláin nua agus chun cosc a chur ar dhaoine ó chur amach a bheith acu ar an margadh saothair.

**An Ciste Eorpach don Domhandú**

Fuarthas €202,668, ar an iomlán, maidir le clár Andersen Ireland an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (an CECD) ón AE. Soláthraíonn anCECD tacaíocht aonair theoranta aonuaire do dhaoine ar fud na hÉireann i gcuideachtaí agus in earnálacha áirithe a rinneadh iomarcach mar thoradh ar dhomhandú.

**Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta**

Fuarthas suim €69,540 ó chlár EaSI (Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta) maidir le comhpháirtíocht EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) na hÉireann/Thuaisceart Éireann chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú, a eagraíonn an Coimisiún Eorpach go lárnach agus a riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí sna ballstáit.

Fuarthas cistiú €50,878 ón AE maidir le EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar an AE/an LEE. Eagraíonn an Coimisiún Eorpach EURES go lárnach agus riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí é sna ballstáit.

**Saotharlanna EP-DeM - Saotharlanna Cothromais, Rannpháirtíochta, Cinnteoireachta**

Fuarthas suim €3,186 ón AE maidir leis an tionscadal nua atá comhchistithe ag an AE, EP-DeM Labs - Equity, Participation, Decision making Labs (An Óige ag Aistriú i gcathracha na hEorpa). Beidh an tionscadal seo ar bun ó Eanáir 2016 go dtí Nollaig 2017. Lorgaíonn EP-DeM Labs chun daoine óga faoi mhíbhuntáiste idir 16 agus 24 bliain d’aois a spreagadh chun gnímh agus a chumasú i dtráthanna aistrithe ar fud 4 chathair/réigiún san Eoraip chun a nglórtha a chur in iúl, tionscadail agus bearta atá dírithe ar a leibhéal oideachais agus infhostaitheachta a fheabhsú a chomhfhorbairt agus a chomhsholáthar.

**An Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí**

Tacaíonn an Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD) le gníomhartha thíortha an AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Soláthraíonn an AE cistiú do Bhallstáit agus cuireann na Ballstáit 15% de luach anchistithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad leis an 31 Nollaig 2023. Faoi Airteagal 44 de Rialachán 223/2014 an AE, íocadh réamh-mhaoiniú €2.5 milliún (11% de ranníocaíocht fhoriomlánan Chiste le clár oibríochtúil na hÉireann) leis an Roinn i Nollaig 2014. Mar gheall nach ndearnadh aon iarratas ar íocaíocht ón FEAD leis an gCoimisiún faoi Nollaig 2016, tá méid an réamh-mhaoinithe le híoc ar ais leis an gCoimisiún. Ní dhéanfaidh an aisíocaíocht, áfach, difear do ranníocaíocht iomlán an AE atá le híoc le clár oibríochtúil an FEAD in Éirinn. In 2017, lorg an Coimisiún aisíocaíochtréamh-mhaoiniú 2014.

**6.4 Mí-Leithreasú Féideartha**

Bhí dhá chás ann de mhí-leithreasú féideartha d'airgead poiblí ag fostaithe agus níl an luach reatha deimhnithe go fóill. Tharla an mí-leithreasú féideartha seo sa tréimhse idir Eanáir 2015 agus Bealtaine 2016.

**6.5 Ús ar Íocaíocht Dhéanach**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis atá dlite | 9,859 | 8,209 |
| Faighteoirí €10,000 nó níos mó | — | — |

**6.6 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Roinn bainteach i 63 cás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

**6.7 Coigeartú Cuntasaíochta**

In 2016, rinneadh iontráil leabharchoimeádta arb ionann agus €13,170 le hIoncam Ilghnéitheach Vóta agus rinneadh an iontráil chomhfhreagrach i gcuntas an CÁS i leabhair chuntais an Vóta. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina thaobh. Theastaigh an iontráil seo chun an CÁS agus cuntais idirchuideachta an Vóta a ailíniú maidir le difríocht a tugadh anonn ó 2015.

## Iarscríbhinn
## An Roinn Coimirce Sóisialaí
## Achoimre ar Chaiteachas Cláir

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Ollchaiteachas Vóta 37** | 11,215 | 11,586 |
| | | |
| ***Lúide caiteachas neamhscéime*** | | |
| Riarachán | (486) | (490) |
| Fóirdheontas an CÁS | — | (119) |
| Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (49) | (46) |
| Deontas leis an Ombudsman do Phinsin | (1) | (1) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (6) | (6) |
| **Caiteachas scéime Vóta 37** | **10,673** | **10,924** |
| | | |
| **Ollchaiteachas an CÁS** | **9,154** | **8,980** |
| | | |
| ***Lúide caiteachas neamhscéime*** | | |
| Riarachán | (273) | (271) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (390) | (364) |
| **Caiteachas scéime an CÁS** | **8,491** | **8,345** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne** | **19,164** | **19,269** |

**Miondealú ar Chaiteachas Scéime**

| Íocaíochtaí de réir Scéime agus Catagóire | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit | 5,644 | 5,450 |
| Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,446 | 1,430 |
| Deontas Méala | — | — |
| **Iomlán** | **7,090** | **6,880** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Ioncaim Aois Oibre** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,452 | 2,742 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 501 | 670 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 356 | 387 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 38 | 43 |
| Sochar Máithreachais | 255 | 260 |
| Sochar Atharthachta | 2 | — |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 89 | 92 |
| Cúnamh Feirme | 79 | 88 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 74 | 77 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim | 44 | 43 |
| Liúntas Réamhscoir | 9 | 16 |
| Sochair Cóireála | 31 | 30 |
| Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | 14 | 16 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 2 | 2 |
| Sochar Uchtaíoch | 1 | 1 |
| Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **3,948** | **4,468** |
| | | |
| **Forlíontach** | | |
| Forlíonadh Cíosa | 275 | 311 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 230 | 221 |
| Liúntas Breosla | 235 | 216 |
| Saorthaisteal | 77 | 75 |
| Forlíonadh Ús Morgáiste | 7 | 12 |
| **Iomlán** | **824** | **835** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Fostaíochta Aois Oibre** | | |
| Cláir Fostaíochta | 356 | 365 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 115 | 144 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Obair | 124 | 129 |
| Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | 29 | 14 |
| Scéim Socrúchán Oibre Pobail TÚS | 119 | 125 |
| An Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge | 38 | 63 |
| JobsPlus | 24 | 23 |
| An Scéim Fóirdheontas Pá | 19 | 16 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | 45 | 49 |
| Clár Seirbhísí Pobail | 44 | 43 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 42 | 44 |
| Gateway | 21 | 30 |
| Tionscnamh Post | 20 | 22 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 13 | 11 |
| **Iomlán** | **1,009** | **1,078** |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,358 | 1,282 |
| Sochar Breoiteachta | 597 | 620 |
| Pinsean Easláine | 645 | 649 |
| Íocaíocht Cúramóra | 686 | 641 |
| Deontas Cúram Faoisimh | 172 | 125 |
| Liúntas Cúram Baile | 133 | 121 |
| Sochar Míthreorach | 75 | 77 |
| Pinsean na nDall | 14 | 14 |
| Sochar Díobhála | 19 | 17 |
| **Iomlán** | **3,699** | **3,546** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,078 | 1,990 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 415 | 368 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | 40 | 41 |
| Béilí Scoile | 37 | 39 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 24 | 24 |
| **Iomlán** | **2,594** | **2,462** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na Scéimeanna go léir** | **19,164** | **19,269** |